
# i dTreo THUISCINT na LÉITHEOIREACHTA

## sa Ghaeilge agus sa délitearthacht





Le Jacqueline de Brún



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# CLÁR

Intreoir

Bainistíocht ranga

Measúnú

Aithint focal (fónéimí, moirféimí, súilaithne)

Foclóir

Líofacht

Ceistiú

Tuar

Tátal

Achoimre

Gach straitéis

An tÚdar

Is í an Dr Jacqueline de Brún, léachtóir san oideachas i Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, a chuir an leabhrán seo le chéile.
Tá an t-eolas atá ann bunaithe ar thráchtas PhD ar theagasc agus foghlaim na léitheoireachta Gaeilge.

Nóta ón Údar

Mar thuismitheoir, mar mhúinteoir gaelscoile, mar Chomhairleoir Oideachais san Áisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste agus anois mar léachtóir, chaith mé blianta ag iarraidh léitheoireacht, agus léitheoireacht na Gaeilge go háirithe, a chur chun cinn i measc daoine óga. Is scil saoil í an léitheoireacht atá níos tábhachtaí ná riamh sa ré ina bhfuil muid beo faoi láthair. Aithním na buntáistí a bhaineann leis an délitearthacht agus na deiseanna atá againn in Éirinn bheith ag plé le dhá theanga ar a laghad i gcúrsaí litearthachta agus na deiseanna chun sin a thapú. Tá súil agam go dtacóidh an leabhrán seo le hoideachasóirí bheith páirteach san ardú feasachta agus caighdeáin a bhfuil géarghá leis i léitheoireacht na Gaeilge.

Gabhaim buíochas ó chroí le COGG as an mhaoiniú agus le Bríd Ní Dhonnchadha as na moltaí ciallmhara.

# Intreoir

**Is í an tuiscint sprioc na léitheoireachta!**

**Is í an délitearthacht sprioc an tumoideachais in Éirinn. Leis an délitearthacht a fhorbairt agus a dhaingniú tá gá leis an léitheoireacht sa dá theanga.**

**Is gá an léitheoireacht a theagasc!** Tá an leabhrán seo dírithe ar mhúinteoirí agus oideachasóirí mar threoir ar theagasc na léitheoireachta agus na straitéisí tuisceana i léitheoireacht na Gaeilge. Tá sé dírithe ar léitheoirí atá go fóill faoi stiúir an mhúinteora ach atá ag dul i dtreo an neamhspleáchais nó ag léamh go neamhspleách, **meánranganna agus ardranganna ag leibhéal na bunscoile**.

Is é aidhm an leabhráin seo ná treoir a thabhairt do mhúinteoirí agus páistí ar na gnéithe ar fad a bhaineann leis an léitheoireacht Ghaeilge agus a thacaíonn le tuiscint na léitheoireachta. Tá tacaíochtaí ann le straitéisí cuí a úsáid le léitheoirí le go mbainfidh siad tairbhe agus sult as an léitheoireacht. **Is féidir na leathanaigh sa leabhrán seo a úsáid le do rogha féin téacsanna**, idir théacsanna ficsin agus neamhfhicsin. Tá an t-eolas atá ann bunaithe ar thaighde agus ar dhea-chleachtas sa léitheoireacht in dhá theanga agus béim ar mhionteanga a léamh.

**Tá gá le cúram maidir le moltaí aonteangacha ó thíortha eile ina léitear aon teanga amháin, an Béarla den chuid is mó, agus nach gcuireann an délitearthacht nó foghlaim dhá theanga nó níos mó san áireamh.**

## An bhfuil tábhacht le léitheoireacht na Gaeilge?

Sa chóras tumoideachais in Éirinn sealbhaíonn páistí an próiseas léitheoireachta trí dhá theanga ar a laghad, Gaeilge agus Béarla. Mar mhionteanga, tá dúshlán nach beag le léitheoirí óga a mhealladh chuig léitheoireacht na Gaeilge. Cuireann an léitheoireacht le heolas ar theanga, le teanga ó bhéal agus le scileanna scríbhneoireachta. Is gá a aithint chomh maith go gcuireann ardú feasachta sa Ghaeilge le hardú feasachta sa Bhéarla. Tá scileanna agus straitéisí litearthachta a thrasnaíonn ó theanga go teanga agus fágann sé sin go gcuirtear le scileanna litearthachta an Bhéarla agus na Gaeilge má dhírítear aird ar litearthacht na Gaeilge. Cuireann sé go mór le dul chun cinn na scileanna meiteachognaíocha na scileanna agus na straitéisí sin a phlé i gcomhthéacs an traschuir.

Spreagann leabhair eolas, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirtíocht sa tsochaí. Imríonn siad tionchar ar scileanna cognaíocha, aird agus an cumas foghlama. I gcás mionteanga is gá tacú le páistí agus iad ag bogadh ó phictiúrleabhair go téacsanna a

spreagann an léitheoireacht neamhspleách. Tá sé tábhachtach téacsanna a chur ar fáil a thacaíonn leis an phróiseas seo agus a léiríonn saol an léitheora agus a chuireann leis.

Tá scileanna ann a thrasnaíonn an dá theanga ach tá scileanna eile ann atá sainiúil. Tá cód scríofa ag an Ghaeilge atá sainiúil agus tá tréithe ann ar gá iad a shealbhú mar chéim amháin i bpróiseas na léitheoireachta. Aithnítear chomh maith go bhfuil comhthéacs agus stair faoi leith ag litríocht agus téacsanna Gaeilge in Éirinn.

**Tá na snáitheanna litearthachta ar fad fite fuaite.**

Cuireann an **léitheoireacht** le **teanga ó bhéal** agus leis an **scríbhneoireacht**.

Cuireann **teanga ó bhéal** leis an **léitheoireacht** agus leis an **scríbhneoireacht**.

Cuireann an **scríbhneoireacht** le **teanga ó bhéal** agus leis an **léitheoireacht**.

# Tuiscint na léitheoireachta: I dTreo na Straitéisí Tuisceana

## Cad é an rud é tuiscint na léitheoireachta?

Tá go leor próisis i gceist le tuiscint na léitheoireachta. Baineann tuiscint na léitheoireachta le heolas ar theanga le **brí a bhaint as téacs**, ag déanamh naisc le **réamheolas** le **tátal a bhaint as téacs**, le straitéisí agus **naisc a dhéanamh le smaointe in abairtí difriúla** agus le **rannpháirtíocht**.

Déanann léitheoirí maithe go leor rudaí le tuiscint a bhaint as téacs. Baineann siad úsáid as eolas ar theanga agus ciall agus tréithe téacs scríofa le léiriú meabhrach a fháil ar théacs. Baineann siad úsáid as réamheolas agus baineann siad tátal as téacs leis na focail agus na nathanna atá ag an údar le heolas, smaointe agus barúlacha a chur in iúl. Cuireann siad ceisteanna, ceapann siad íomhanna agus déanann siad monatóireacht agus achoimre ar an méid atá léite acu. I gcomhthéacs an dara teanga agus mionteanga tá nasc idir tuiscint na léitheoireachta agus inniúlacht ar an Ghaeilge.

Is gá do mhúinteoirí **am** agus **deiseanna** a chur ar fáil do léitheoirí óga le hiniúchadh a dhéanamh ar théacsanna agus lena bplé!

Is próiseas casta é tuiscint na léitheoireachta i ngach teanga a bhaineann leas as na gnéithe léitheoireachta ar fad. Cuirtear na próisis chognaíocha agus na scileanna agus straitéisí tuisceana ar fad i bhfeidhm le tuiscint a bhaint amach (Grabe & Stoller, 2002).

Baineann léitheoirí maithe úsáid as réimse straitéisí ag aon am amháin. Má tá dhá theanga ag léitheoirí roghnaíonn siad straitéisí cuí do na teangacha atá acu agus déanann siad comparáidí idir na teangacha.

## Gnéithe teanga a théann i bhfeidhm ar thuiscint na léitheoireachta

**Rannpháirtíocht**
**Inspreagadh agus rogha**
**Feasacht fóineolaíochta & fóinéimeach**
**Fónaic & aithint focal & eolas ar fhocail**
**Foclóir**
**Gramadach**
**Líofacht**
**Réamheolas**
**Inniúlacht chognaíoch**
**Cuspóir, seánra & guth**
**Feasacht ar na straitéisí tuisceana atá á gcur i bhfeidhm**

## Is iad na straitéisí tuisceana ná:

**réamheolas** | **achoimre** | **tuar** | **amharcléiriú** | **ceistiú** | **monatóireacht** | **naisc** | **tátal**

Moltar straitéisí tuisceana faoi leith a úsáid …

**roimh léamh**, **le linn na léitheoireachta** agus **i ndiaidh léamh**.

Is féidir léitheoirí a ullmhú le straitéisí cuí a roghnú, a aithint agus a ainmniú agus iad ag léamh leis an chleachtas a fhorbairt.

← ***fónaic, aithint focal agus eolas ar fhocail*** →

| ROIMH LÉAMH | LE LINN NA LÉITHEOIREACHTA | AGUS AN TÉACS LÉITE |
|---|---|---|
| Réamheolas | Tátal | Achoimre |
| Amharcléiriú | Ceistiú | Tátal |
| Tuar | Monatóireacht | Ceistiú |
| Ceistiú | Naisc | Monatóireacht |
| Inspreagadh | Amharcléiriú | Naisc |

Níl leathanaigh tacaíochta ann do gach straitéis sa leabhrán seo. Moltar amharcléiriú agus réamheolas mar straitéisí éifeachtacha roimh léamh agus déantar monatóireacht le linn na léitheoireachta agus an léitheoireacht déanta. Is straitéisí iad sin a dhéantar ó bhéal sa phlé.

## Straitéisí léitheoireachta agus tuisceana sa dá theanga

Tá tábhacht leis na straitéisí tuisceana a dhéanamh ceann ar cheann i gcomhthéacs an dara teanga/mionteanga. Cinntíonn sé sin go bhfuil an teanga chuí ag an léitheoir straitéisí a aithint agus a phlé sa tumtheanga. Nuair a bhíonn roinnt straitéisí i bhfeidhm le chéile aithneofar iad agus beidh an teanga ag an léitheoir le cur síos a dhéanamh orthu.

Aithnítear na gnéithe litearthachta mar na gnéithe is mó a aistríonn ó theanga go teanga. Nuair a bhristear síos na gnéithe léitheoireachta ar fad is féidir dul chun cinn na ngnéithe a thaifeadadh ó theanga go teanga. Is féidir go mbeidh cosúlachtaí ann i modhanna teagaisc, sa chur chuige, sa mheasúnú, sa bhainistíocht ranga agus sna háiseanna teagaisc/tacaíochta.

- **Aistríonn na scileanna tuisceana agus an phoncaíocht** idir Gaeilge agus Béarla. Is féidir iad seo a theagasc i dteanga amháin ach samplaí a lua sa teanga eile leis na cosúlachtaí a léiriú. m.sh. sa phoncaíocht, is féidir díriú ar chomharthaí cainte sa Bhéarla (ach samplaí Gaeilge a léiriú). Ansin dírigh ar chomhartha uaillbhreasa sa Ghaeilge (ach samplaí Béarla a léiriú).

- **Ní aistríonn fónaic/moirféimí, litriú agus an ghramadach.** Is iad seo na scileanna/straitéisí atá sainiúil ag an Ghaeilge. Tá ortagrafaíocht (córas scríofa) ar leith ag an Ghaeilge agus tá an córas gramadaí fite sa chóras scríofa. Tá roinnt de na coincheapa céanna ann sa dá theanga. Is féidir tógáil ar eolas ar aimsirí na mbriathra ó theanga go teanga agus tá coincheapa na bhfóinéimí mar an gcéanna sna teangacha, m.sh. túsfhoghair/deighilt fuaimeanna. Ach tá go leor den eolas seo sainiúil ag an Ghaeilge agus tá gá le teagasc follasach na ngnéithe seo.

## Inspreagadh agus Rannpháirtíocht

**Is mó seans go mbeidh léitheoirí óga spreagtha le léamh i nGaeilge má bhíonn téacsanna ábhartha acu, go háirithe má thugtar rogha dóibh féin, má bhíonn deiseanna comhoibrithe acu agus straitéisí á bhfoghlaim acu.**

Is gá tábhacht na léitheoireachta Gaeilge a dhéanamh soiléir agus follasach do léitheoirí óga agus an t-aitheantas cuí a bhaineann le buntáistí na léitheoireachta Gaeilge a chur in iúl.

Tá sé tábhachtach plé a dhéanamh le léitheoirí óga: **Cad é a thugann léitheoireacht na Gaeilge dóibh? Cad é a thugann siadsan do léitheoireacht na Gaeilge?**

Is mionteanga í an Ghaeilge agus dara teanga ag an chuid is mó de léitheoirí na Gaeilge. Fágann sé sin dúshláin sa bhreis inspreagadh agus rannpháirtíocht i léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn i measc léitheoirí óga. Ní aistríonnn inspreagadh na léitheoireachta ó theanga go teanga. De réir taighde agus aiseolais ó mhúinteoirí bíonn daltaí tumoideachais níos spreagtha bheith ag léamh i mBéarla ná i nGaeilge. Ach tá fianaise eile sa taighde gur féidir inspreagadh agus rannpháirtíocht a ardú trí léitheoirí a chumasú i scileanna agus straitéisí. Is é rún an leabhráin seo inspreagadh agus rannpháirtíocht i léitheoireacht na Gaeilge a ardú trí chumais agus ionachais a ardú, trí théacsanna cuí a roghnú agus straitéisí taitneamhacha a theagasc agus a chur i bhfeidhm a spreagfaidh níos mó léitheoireachta.

## Téacsanna oiriúnacha

Aithnítear go mbíonn caighdeáin éagsúla eolais ag léitheoirí tumoideachais ar na teangacha atá acu (García et al., 2008). Is féidir go mbeidh eolas léascach agus comhréireach forbartha ag leibhéil éagsúla ag léitheoirí dhátheangacha sna teangacha atá acu agus nach n-aithneodh siad foclóir, comhréir ná gramadach i dtéacsanna (Briceño & Klein, 2018). Is iad na léitheoirí is mó foclóra na léitheoirí is fearr ag aithint focal (Yap & Balota, 2015).

Moltar úsáid a bhaint as an treoir sa leabhrán/chnuasach ***In Ord agus in Eagar*** le leabhair a roghnú. Is féidir go mbeidh téacsanna difriúla á léamh ag páistí/grúpaí difriúla. Is féidir an leabhar céanna a úsáid leis an rang iomlán ach díriú air ag leibhéil éagsúla ag brath ar riachtanais na bpáistí.

## Measúnú na léitheoireachta

Tá réimse bealaí molta sa leabhrán le measúnú neamhfhoirmiuil a dhéanamh ar an léitheoireacht sa Ghaeilge agus a chuireann eolas ar Bhéarla san áireamh. Dírítear ar scileanna ginearálta le seicliostaí, soilse tráchta na scileanna agus nótaí. Is féidir díriú ar riachtanais léitheoirí san fhónaic ach eolas agat faoi na deacrachtaí. Is féidir eolas níos sainiúla a bhailiú le taifid reatha a chuireann an dá theanga san áireamh. Is féidir taifead reatha a dhéanamh le grúpaí, duine i ndiaidh duine, nó le páistí aonair a bhfuil aird faoi leith de dhíth orthu. Is féidir líofacht na léitheoireachta a mheas le hiniúchadh a dhéanamh ar léitheoirí, agus béim ar luas compordach mar aon le hiontonú agus béim chuí a léiriú.

Tá leathanaigh measúnaithe sa leabhrán ar:

- **Soilse Tráchta na Scileanna** (scileanna & straitéisí a mheas)
- **Líofacht na Léitheoireachta** (a mheasann luas agus prosóid na léitheoireachta)
- **Taifid Reatha** (leagan simplithe)
- **Scála Feasachta Foclóra** (a chuireann doimhneacht an eolais ar fhocail san áireamh)
- **Fardal Díchódaithe (Leibhéal 1 & 2)** (a bhriseann síos céimeanna eolais)

# Leagan amach an leabhráin

Tá an bhéim sa leabhrán seo ar na straitéisí tuisceana. Ach ní féidir iad sin a bhaint amach gan a bheith eolach ar ghnéithe eile léitheoireachta. Mar sin, tá cur síos agus leathanaigh samplacha ann ar scileanna/straitéisí eile a chuireann le tuiscint.

- Dírítear ar gach gné léitheoireachta agus gach straitéis tuisceana ceann ar cheann mar chéad chéim, ansin beidh léitheoirí in ann na straitéisí ar fad a bhíonn in úsáid acu a aithint.
- Moltar gach straitéis a theagasc go follasach trí mhúnlú agus scafall agus ansin na léitheoirí a chur ag cleachtadh agus ar deireadh, réimse straitéisí a chur i bhfeidhm.
- Tá cur síos ar **bhainistíocht ranga**. Tá cleachtas iomlán ranga agus cleachtas grúpa molta leis an chur chuige seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Tá **leathanaigh infhótachóipeáilte** dubh agus bán ann ar féidir iad a úsáid mar threoir sa chleachtas.
- Tá **cairt nó leidleathanaigh** ann. Is leathanaigh dhaite iad seo ar féidir iad a phriontáil, a mhéadú agus a lannú mar threoirleathanaigh sa teagasc.
- Is féidir ceachtanna a eagrú atá go hiomlán ó bhéal nó ó bhéal agus scríofa.
- Tá leathanaigh ann a thacóidh le straitéis a chur i bhfeidhm roimh léamh, i ndiaidh caibidle agus leathanaigh eile a thacóidh ag deireadh leabhair.
- Sa chuid dheireanach den leabhrán cuirtear straitéisí le chéile a mheastar a oibreoidh i gcomhthéacs léitheoirí óga na Gaeilge.
- Tá leabhair molta a spreagann straitéisí faoi leith.
- Tá moladh ann ar phleanáil a chuireann cur chuige na straitéisí ar fad i bhfeidhm.
- In amanna cuirtear dhá leagan de leathanach ar fáil le freastail ar úsáid éagsúla téarmaíochta nó foclóra in áiteanna difriúla sa tír.

Tá **cur chuige ionchuimsitheach** i gceist leis an teagasc seo. Is féidir leathanaigh a riaradh do riachtanais pháistí. Tá na leathanaigh ar fad oscailte don téacs atá á léamh ag páiste agus, mar sin, is féidir le leibhéal téacs an leibhéal eolais a stiúradh. Is féidir go mbeidh páistí sa rang ag díriú ar scil nó straitéis le chéile ach á fhiosrú i dtéacsanna ag a leibhéal cuí. Is féidir na moltaí do mheasúnú na léitheoireachta a úsáid le leabhair oiriúnacha a thabhairt do léitheoirí agus tacú le páistí i ngrúpaí beaga/beirteanna.

Ní gá go mbeadh ceacht scríofa ann le gach seal léitheoireachta. In amanna is leor an léamh agus plé a dhéanamh dírithe ar theanga ó bhéal. Spreag an téarmaíocht chuí sa phlé le scileanna arda a spreagadh.